



Ciorclán SNA 03/03

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN RANNÓG PÁROLLA

DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA, DO PHRÍOMHOIDÍ, AGUS DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA I mBUNSCOILEANNA

Nósanna Imeachta Ceapacháin do Chúntóirí Riachtanais Speisialta (Nuashonraithe Lúnasa 2007)

1. Réamhrá:

- 1.1 Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a chur in iúl d'údarais bhainistíochta go bhfuil an Ciorclán seo – SNA 03/03 tugtha cothrom le dáta i Lúnasa, 2007 agus go leagann sé amach nósanna imeachta ceapacháin leasaithe do Chúntóirí Riachtanais Speisialta i mbunscoileanna.
- 1.2 Tá freagracht ar Bhoird Bhainistíochta, de réir na dtreoirilínte anseo thíos, as Chúntóirí Riachtanais Speisialta a cheapadh i mbunscoileanna. Beidh aon cheapachán den sórt sin faoi réir ceadú a fháil roimhré ó Phátrún na scoile.
- 1.3 Ceapfar Cúntóir Riachtanais Speisialta chuig post a chaithefar a líonadh laistigh de leithdháileadh post atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE).

2. Post mar Chúntóir Riachtanais Speisialta a Fhógairt:

- 2.1 Caithefar post mar Chúntóir Riachtanais Speisialta a fhógairt i nuachtán áitiúil. Déanfaidh an fógra iarratais a lorg ó dhaoine incháilithe a bheidh le cur isteach faoi dháta sonraithe chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
- 2.2 Faoi réir aon eisceachtaí a cheadaíonn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004 ní féidir leis an bhfógra a chur in iúl go ndéanfaí idirdhealú ná ní féidir aon eolas d'aon chineál a bheith ann a thabharfadh le fios go réasúnta go ndéanfaí aon rud den sórt sin.

3. Na sonraí a chaithefidh a bheith san fhógra:

- i. Ainm agus seoladh na scoile.
- ii. Dáta tosaithe an phoist.
- iii. Dearbhaigh más post lánaimseartha nó páirtaimseartha atá ann agus an méid uaireanta páirtaimseartha atá ann.
- iv. Cur síos ginearálta faoi chúraimí an phoist.
- v. An dáta is deireanaí chun an t-iarratas a fháil.
- vi. Dearbhaigh go gcaithfidh curriculum vitae a chur i dteannta an iarratais.
- vii. Dearbhaigh go dteastaíonn teistiméireachtaí nó ainmneacha agus seoltaí moltóirí.
- viii. Dearbhaigh gur féidir liosta iarratasóirí oiriúnacha a shocrú suas óna bhféadfadh folúntais a líonadh sa todhchaí (atá bailí ar feadh na scoilbhliana).

4. Bord Roghnúcháin chun Chúntóirí Riachtanais Speisialta a Cheapadh:

- 4.1 Is iad a bheidh ar an mBord Roghnúcháin ná Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, Príomhoide na scoile agus duine amháin eile a ainneoidh an Pátrún.
- 4.2 Ní mór ar a laghad fear amháin agus bean amháin a bheith ar an mBord Roghnúcháin.

- 4.3 Má tá caidreamh idir aon chomhalta den Bhord Roghnúcháin, lena n-áirítear an Cathaoirleach, agus duine atá mar iarrthóir fostaíochta sa scoil, tarraingeoidh sé/sí siar ón mBord Roghnúcháin agus déanfaidh an Pátrún Cathaoirleach eile nó comhalta eile a ainmniú ina (h)áit.

5. Feidhmeanna an Bhoird Roghnúcháin:

- 5.1 Sula ndéanfar na hagallaimh, déanfaidh an Bord Roghnúcháin critéir mheasúnaithe na n-iarratas a bhunú i scríbhinn, ag féachaint don reachtaíocht chúil agus do riachtanais an phoist. Cuirfidh critéir bhunaithe an Bhoird na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004 agus Cód Cleachtais an Údaráis Comhionannais san áireamh.
- 5.2 Casfar an Bord Roghnúcháin ar a chéile laistigh de thréimhse réasúnta tar éis an dáta deiridh chun iarratais a fháil chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na hiarratasóirí a ghlaofar chun agallaimh.
- 5.3 Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin taifead a choimeád ar na critéir arna n-úsáid.

6. Agallaimh:

- 6.1 Cé go bhféadfaidh an Bord Roghnúcháin teorainn a chur leis an líon iarratasóirí a ghlaotar chun agallaimh, caithfear ar a laghad triúr iarratasóirí incháilithe a ghlaoch. Má chuireann níos lú ná triúr iarratasóirí isteach ar an bpost, caithfear cuireadh a thabhairt do gach iarratasóir incháilithe dul faoi agallamh.
- 6.2 Caithfidh an Bord Roghnúcháin cloí leis na critéir chomhaontaithe chun iarratasóirí a mheas.
- 6.3 Caithfidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin taifead a choimeád maidir leis na critéir chomhaontaithe agus leis an módh scórála a úsáideadh chun iarratais agus agallaimh a mheas.
- 6.4 Agus iarratasóirí á gcur faoi agallamh, ní mór a bheith thar a bheith cúramach chun a chinntiú nach mbeadh baol ann go mbreathnófaí ar cheisteanna, barúlacha nó ráitis mar ábhar idirdhealaithe m.sh. ar fhorais stádas inscne nó pósta.

7. An tIarrthóir a n-éiríonn leis/léi a Cheapadh:

- 7.1 Cuirtear i gcuimhne do scoileanna gurb é Grád D (nó pas) sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus i Matamaitic sa Mheánteistiméireacht/Teastas Sóisearach nó sa Scrúdú Teastais na nGairmchúrsaí Lae nó i scrúdú ar chomhchaighdeán leo an cháilíocht is lú is gá le Cúntóir Riachtanas Speisialta a cheapadh.
- 7.2 Agus agallamh curtha ar na hiarratasóirí sin a chuireann iad féin i láthair, cuirfidh an Bord Roghnúcháin tuairisc scríofa chuig an mBord Bainistíochta, agus na nithe seo a leanas á n-ainmniú
- a) an t-iarratasóir a mheasann siad is oiriúnaí don cheapachán agus
- b) liosta iarrthóirí in ord fiúntais atá oiriúnach a cheapadh chun aon phoist bhreise a thiocfaidh chun cinn sa scoil le linn na scoilbhliana.
- 7.3 Casfar an Bord Bainistíochta ar a chéile agus déanfaidh siad an t-iarrthóir a ainmneoidh an Bord Roghnúcháin a cheapadh ach amháin má bhíonn cúis mhaith dhóthanach acu gan é sin a dhéanamh. I gcás mar sin, cuirfear an cás ar aghaidh go dtí an Pátrún, agus glacfaidh an Bord lena c(h)inneadh i dtaobh an cháis sin.
- 7.4 Déanfaidh an Bord Bainistíochta liosta iarrthóirí a choimeád a mheasann siad a bheidh oiriúnach chun ceapachán a dhéanamh. Beidh éifeacht ag an liosta ar feadh na scoilbhliana i gceist maidir le haon Chúntóir Riachtanas Speisialta a cheapadh chun poist a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa scoil.
- 7.5 Má thosaíonn beirt Chúntóirí Riachtanas Speisialta nó níos mó ag obair ar an lá céanna, déanfaidh an Bord Bainistíochta sinsearachta a shocrú, a bheidh bunaithe ar an ord inar liostaíodh Cúntóirí Riachtanas Speisialta mar thoradh ar an bpróiseas agallaimh i.e. ba chóir rangú sinsearachta níos airde a thabhairt don Chúntóirí Riachtanas Speisialta a fuair an rangú is airde tar éis an phróisis agallaimh. Déan tagairt le do thoil do [Chiorclán 0059/2006 – Sinsearachta Cúntóirí Riachtanas Speisialta](#) atá ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi Phearsanra Oideachais/Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

8. Deimhniú Liachta:

- 8.1 Déanfaidh an Bord deimhniú liachta inniúlachta a fháil ón iarrthóir a n-éireoidh leis/léi, roimh an gceapachán a dhearbhaóidh go bhfuil sé/sí inniúl cúraimí an phoist a ghabháil air/uirthi féin. Tá foirm shamplach faoi iamh mar [Aguisín A](#).
- 8.2 Cé go mbeidh an liachleachtóir ainmnithe ag an mBord Bainistíochta, is ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi a mbeidh aon chostas a thabhfófar.

9. Teistiméireachtaí:

- 9.1 Sula gcuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl don iarrthóir gur éirigh leis/léi, déanfaidh siad a c(h)uid teistiméireachtaí a scrúdú.

10. Seiceáil:

- 10.1 Tá freagracht ar an mBord Bainistíochta a chinntiú go ndéantar seiceáil ar aon cheapaí beartaithe nua mar Chúntóir Riachtanas Speisialta. Déanfaidh údarais na scoile a chinntiú áfach, nach lorgófar seiceáil ach amháin i leith duine a mbeidh sé beartaithe tairiscint fostaíochta a dhéanamh dóibh. Níor chóir iarratais a lorg sula ndéanfar cinneadh ceapachán a thairiscint.
- 10.2 Déan tagairt le do thoil do [Chiorclán 0094/2006](#) – ‘**Socruithe nua do sheiceáil foirne múinteoireachta agus foirne nach múinteoirí iad**’ atá ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi Phearsanra Oideachais/Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

11. Conarthaí Fostaíochta

- 11.1 Caithfear conradh fostaíochta a thairiscint do cheapaithe de réir na dtéarmaí atá sainithe i [gCiorclán SNA 15/05](#) – ‘**Conradh Fostaíochta – Cúntóirí Riachtanas Speisialta**’ atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Phearsanra Oideachais/Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

12. An ceapachán a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Eolaíochta:

- 12.1 Agus an nós imeachta ceapacháin mar atá sainithe thuas críochnaithe, déanfaidh Boird Bhainistíochta an fhoirm “[Fógra Ceapacháin – Cúntóirí Riachtanas Speisialta](#)”, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Phearsanra Oideachais/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, a chomhlánú agus a chur ar aghaidh go dtí,

Párolla Foirne nach Múinteoirí iad (NTS),
Rannóg Párolla,
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

13. Ceisteanna

- 13.1 Má tá aon cheist agat maidir leis an gCiorclán seo, cuir ar ríomhphost é go dtí sna_pay@education.gov.ie nó cuir glaoch ar 090 648 4136.
- 13.2 Ba chóir an Ciorclán seo a choimeád chun tagairt a dhéanamh dó amach anseo. Is féidir teacht air chomh maith ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Phearsanra Oideachais/Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

P. Maloney,
Príomhoifigeach.

Lúnasa, 2007

Deimhniú inniúlachta maidir le fostaíocht mar Chúntóir Riachtanas Speisialta a thosú

Le comhlánú ag Liachleachtóir a ainmneoidh an Bord Bainistíochta.

Sloinne: _____

Túsainm: _____

Deimhním go bhfuil scrúdú déanta agam ar an duine thuasluaite agus go bhfuil sé/sí inniúil cúraimí mar Chúntóir Riachtanas Speisialta a ghabháil air/uirthi féin.

Síniú: _____

Dáta: _____

Stampa nó Séala